National Lottery

National Lottery Annual Report 2013

Tuarascáil Bhliantúil an Chrannchuir Naisiúnta 2013

Investing in Ireland's Future

Infheistíocht a dhéanamh i dTodhchaí na hÉireann

Good Luck
John
GO
HNNY
GO
est of Luck
andad
in
Kerry

Each week, the audience for the National Lottery's Winning Streak TV Gameshow comprises the family and friends of each of the five players. Many bring their own banners, posters and flags which creates a lively gameshow atmosphere for both players and audience.

Gach seachtain, is iad teaghlaigh agus cairde gach duine den cúigear iomaitheoir a bhíonn mar lucht féachana ar Sheóchluiche Teilifíse Winning Streak ar Chrannchuir Náisiúnta. Tógann go leor díobh a gcuid meirgí, póstaer agus bratacha leo – rud a chruthaíonn atmaisféar bríomhar sheóchluiche do na himreoirí agus don lucht féachana araon.

Contents

Abhár

Review of the Year	**Athbhreithniú ar an Mbliain**	
Chairman's Statement	Ráiteas an Chathaoirligh	6
Review of Operations	Athbhreithniú Oibríochta	12
Governance	**Rialachas**	
Board of Directors	An Bord Stiúrtha	28
Management Team	An Bhainistíocht	30
Finance	**Airgeadas**	
Index to the Financial Statements	Innéacs do na Ráitis Airgeadais	31

Vision, Mission and Values

Our Vision
To provide exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone. As a result, we aim to be the best-known brand in Ireland.

Our Mission
To operate a world-class lottery for the people of Ireland, raising funds for good causes, on behalf of Government.

Our Values
- **Integrity**
  We are fair and honest in everything we do and operate to the highest professional standards in all our activities.
- **Innovation**
  We manage our business in a dynamic and progressive way that best meets the challenges of an ever-changing society.
- **Teamwork**
  We work together as a team in which everyone supports and encourages each other.

Fís, Misean agus Luachanna

Ár bhFís
Cluichí crannchuir spreagúla agus mealltacha a chur ar fáil, a thugann spraoi agus caitheamh aimsire do chách. Mar thoradh air sin, is mian linn bheith ar an mbranda is fearr aithne in Éirinn.

Ár Misean
Crannchur ar chaighdeán domhanda a reáchtáil do mhuintir na hÉireann, cistí a ghnóthú do dhea-chúiseanna, thar ceann an Rialtais.

Ár Luachanna
- **Ionracas**
  Bímid cóir agus cothrom inár gcuid oibre uile agus feidhmímid de réir na gcaighdeán is airde inár gcuid gníomhaíochtaí.
- **Nuálaíocht**
  Bainistímid ár ngnó ar bhealach dinimiciúil agus forásach is fearr a fhreagraíonn do dhúshláin shochaí atá ag síor-athrú.
- **Obair Bhuíne**
  Oibrímid le chéile mar fhoireann ina dtacaíonn agus ina spreagann daoine a chéile.

Over €13 billion in sales over the last 27 years

Breis is €13 billiún de dhíolachán le 27 bliain anuas

27 Years Results Figures

Over €13 billion in Sales

Over the 27 years since it was established, the National Lottery has steadily increased its turnover. From sales of €130 million in its first nine months, accumulated sales now stand at €13.5 billion.

Over €7 billion in Prizes

National Lottery players have reaped the benefits of playing. From 1986 to 2013, over €7 billion in prize money has been won by millions of players.

€4.4 billion raised for Good Causes

Over the last 27 years, €4.4 billion has been raised by the National Lottery, and distributed by Government, to benefit good causes all over Ireland.

Figiúirí thorthaí 27 bliana

Breis is €13 billiún de Dhíolachán

Thar an tréimhse 27 bliana ó bunaíodh é, mhéadaigh an Crannchur Náisiúnta a láimhdeachas go leanúnach. Ó dhíolachán de €130 milliún ina naoi mí tosaigh, seasann an díolachán carnach anois ag €13.5 billiún.

Breis is €7 billiún de Dhuaiseanna

Bhain imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta tairbhe as bheith ag imirt. Ó 1986 i leith go dtí 2013, tá €7 billiún de dhuais-airgead buaite ag na milliúin imreoirí.

€4.4 billiún cruinnithe do Dhea-Chúiseanna

Le 27 bliain anuas, tá €4.4 billiún cruinnithe ag an gCrannchur Náisiúnta, agus dáilte ag an Rialtas, ar dea-chúiseanna ar fud na hÉireann.

The PaperDolls Performance Company, formed in 2011, specialises in aerial and circus influenced performance.

Taispeántais faoi anáil aerógach agus sorcais atá mar shain-ghníomhaíocht ag an PaperDolls Performance Company, a bunaíodh i 2011.

PaperDolls

The performance company comprises of three central creative directors, and a widely diverse team of collaborators, technicians, and guest performers all of whom are committed to making aerial performance more accessible in Dublin city.

The combination of initiative, innovation and resourcefulness and the rarity of aerial performance in Ireland has contributed to the company's unique approach to presenting and performing contemporary circus.

PaperDolls has been supported by National Lottery funding, through the Arts Council of Ireland.

PaperDolls

Tá triúr lár-stiúrthóir cruthaitheacha agus foireann éagsúil de chomhoibrithe, teicneolaithe agus aoi-thaibheoirí sa chomhlacht agus táid uile tiomanta do thaibhiú aerógach a dhéanamh níos inrochtana i gcathair Bhaile Átha Cliath.

Tá an meascán tionscnaíochta, nuálaíochta agus seiftiúlachta agus a ghainne is atá taibhiú aerógach in Éirinn tar éis cur le cur chuige leithleach na comhlachta maidir le sorcas comhaimseartha a chur i láthair is a thaibhsiú.

Faigheann PaperDolls cúnamh maoinithe ón gCrannchur Náisiúnta trí Chomhairle Ealaíon na hÉireann.

Chairman's Statement

2013 was a significant year in the development of Ireland's National Lottery. In early October, Premier Lotteries Ireland - a consortium of the Ontario Teachers' Pension Plan, An Post and An Post Pension Funds - was named as the preferred bidder for the new 20 year National Lottery licence, following a tender process.

We are delighted that An Post will continue to have an important role in the operation of the National Lottery, and that the current management team and staff will transfer to the new company, ensuring that there will be no loss of the expertise that has made the National Lottery so successful.

2013 Performance

I'm pleased to report that, although the retail market continued to be challenging in 2013, a further €205.9 million or 30.1% of sales was raised for good causes. Since the establishment of the National Lottery 27 years ago, a cumulative total of €4.4 billion has been generated from National Lottery sales for distribution by the Government to projects and communities throughout Ireland.

The high rate of player participation continued during the year with 62% of all adults playing one or more National Lottery games on a regular basis. Players, between them, shared prizes to the value of €382.7 million in 2013, representing 56% of sales, up from 55% in the previous year.

Our overall sales for the year were €685.2 million, a decrease of 6.8% from sales of €735.1 million in 2012. The main reason for this decline was a lack of significant jackpot rolls on both of our main draw games, Lotto and EuroMillions, coupled with a continued difficult retail trading environment.

Ráiteas an Chathaoirligh

Bliain shuntasach ba ea 2013 i bhforbairt Chrannchur Náisiúnta na hÉireann. Go luath i mí Dheireadh Fómhair ainmníodh Premier Lotteries Ireland – cuibhreannas de Phlean Pinsin Mhúinteoirí Ontario, An Post agus Cistí Pinsin An Phoist – mar an rogha táirgeora don cheadúnas nua 20 bliain don Chrannchur Náisiúnta, i ndiaidh próiseas tairisceana.

Is áthas linn go leanfaidh An Post de bheith i mbun ról fíor-thábhachtach i reáchtáil an Chrannchuir Náisiúnta agus go n aistreoidh an fhoireann bainistíochta agus foirne go dtí an chuideachta nua, rud a chinnteoidh nach gcaillfear aon chuid den saineolas ba chionsiocair leis an rath a bhí ar an gCrannchur Náisiúnta.

Feidhmíocht i 2013

Is áthas liom a thuairisciú, in ainneoin an margadh miondíola a bheith dúshlánach i 2013, gur ghineamar €205.9 milliún breise nó 30.1% den díolachán do dhea-chúiseanna. Ó bunaíodh an Crannchur Náisiúnta 27 bliana ó shin ghin díolaíocht an Chrannchuir Náisiúnta mór-iomlán de €4.4 billiún le dáileadh ag an Rialtas ar thionscadail is ar phobail ar fud na hÉireann.

Lean an ráta ard rannpháirtíochta ag imreoirí le linn na bliana agus d'imir 62% d'aosaigh uile cluiche amháin ar a laghad de chuid an Chrannchuir Náisiúnta ar bhonn rialta le linn na bliana. Roinneadh duaiseanna dar luach €382.7 milliún ar imreoirí le linn 2013. B'ionann sin agus 56% den díolachán – méadú ó 55% an bhliain roimhe sin.

Bhí díolachán mór-iomlán de €685.2 milliún againn sa bhliain, laghdú de 6.8% ar dhíolachán de €735.1 milliún i 2012. Bí an phríomhchúis leis an laghdú seo ná gan líon dóthanach de thar-rollaí don phota óir a bheith ann ar ár dhá phríomhchluiche, Lotto agus EuroMillions, anuas ar thimpeallacht trádála miondíola deacair a bheith fós ann.

Over €7 billion in prize money over the last 27 years

Breis is €7 billiún de dhuais-airgead le 27 bliain anuas

Eighteen year old student Andrew Yague from Ashford, Co. Wicklow became the first Leaving Cert student to appear on the National Lottery's Winning Streak TV Gameshow and spin the Gameshow wheel, where he won €67,600 in March 2013.

Bé Andrew Yague, mac léinn ocht mbliana déag d'aois ó Áth na Fuinseoige, Co. Chill Mhantáin, an chéad mhac léinn Ard-Teistiméireachta le dul ar Sheóchluiche Teilifíse Winning Streak de chuid an Chrannchuir Náisiúnta agus roth an tSeóchluiche a chasadh nuair a bhuaigh sé €67,600 mí an Mhárta 2013.

During 2013 the Lotto family of games generated sales of €310.4 million which represented 45% of our overall turnover. Within this category, Lotto sales were €229.5 million, down 9% compared to 2012, while sales of the associated Lotto Plus games were down from €74.3 million in 2012 to €67.9 million in the year under review.

EuroMillions sales were down 10.4% to €117.8 million in 2013 from €131.5 million in the previous year, whilst sales of its sister game, EuroMillions Plus, were €40.7 million compared to €44.6 million in 2012.

Our lucky numbers game, Lotto 5-4-3-2-1, generated sales of €13 million on a par with 2012.

The growth of Scratch Card games continued for the third successive year with sales of €167.7 million, up 2.6% from €163.5 million in the previous year. This category accounts for close to 25% of the overall National Lottery business and continues to be very successful in attracting a strong base of new and existing players.

Daily Million, including the Daily Million Plus game, achieved sales of €21.9 million in its first full year, up from €10.8 million in 2012, while sales of TellyBingo were €17.1 million, similar to 2012.

We had two very successful limited edition Millionaire Raffle games, one at Easter and another for the Christmas season, which between them generated sales of €9.4 million.

The Play Online channel again demonstrated strong growth with sales of €11.2 million, up 30% from 2012. The number of registered online players increased to 57,000 from 40,000 in the previous year.

Le linn 2013 ghin ár bhfine de chluichí Lotto díolachán de €310.4 milliún, arbh ionann é agus 45% d'ár láimhdeachas uile. Taobh istigh den chatagóir seo b'ionann díolachán Lotto agus €229.5 milliún, laghdú 9% i gcomparáid le 2012, agus bhí an díolachán ar chluichí gaolmhara Lotto Plus thíos ó €74.3 milliún i 2012 go dtí €67.9 milliún sa bhliain atá faoi chaibidil.

Bhí laghdú 10.4% ar dhíolachán EuroMillions go €117.8 milliún i 2013 ó €131.5 milliún sa bhliain roimhe sin, agus bhí laghdú ar dhíolachán a chomhchluiche, EuroMillions Plus, go dtí €40.7 milliún i gcomparáid le €44.6 milliún i 2012.

Ghin ár gcluiche d'uimhreacha ádhúla, Lotto 5-4-3-2-1, díolachán de €13 milliún –figiúr a bhí ar chomhchéim le 2012.

Lean an fás faoinár gcluichí Scríobchártaí don tríú bliain as a chéile le díolachán de €167.7 milliún, méadú 2.6% ó €163.5 milliún sa bhliain roimhe sin. Is ionann an catagóir seo agus 25% de ghnó iomlán an Chrannchuir Náisiúnta agus leanann sé de bheith rathúil agus bonn láidir d'imreoirí nua agus reatha á mhealladh aige.

Bhain Daily Million, ar a n áirítear an cluiche Daily Million Plus, díolachán de €21.9 milliún le linn a chéad bliana iomláine, méadú ó €10.8 milliún i 2012. Bhí díolachán de €17.1 milliún ar TellyBingo a bhí ar aon dul le 2012.

Bhí dhá chluiche an-rathúil d'eagrán teoranta, Millionaire Raffle, againn – ceann um Cháisc agus ceann eile do shéasúr na Nollag. Eatarthu ghin siad díolachán de €9.4 milliún.

Bhí fás láidir le feiceáil chomh maith sa chainéal Play Online agus fás 30% ar dhíolachán ó 2012 go dtí €11.2 milliún. Bhí méadú ar líon na n imreoirí cláraithe ar líne ó 40,000 an bhliain roimhe sin go dtí 57,000.

Sales of our Scratch Card games increased to €167.7 million.

Mhéadaigh an diólachán ar ár gcluichí Scríobchartaí go dtí €167.7 milliún.

€167.7 million

Operations

A continued focus on cost control contributed to a 6.5% reduction in total operating costs to €96.6 million in 2013, down from €103.4 million in the previous year.

I would like to thank the National Lottery management team and employees for their professionalism and continued commitment to the successful operation of the organisation and, in particular, for their assistance with the licence process during the year.

As chairman, I would also like to thank my fellow board members for their valued support and advice in what was a pivotal year for the organisation.

The continued support provided by our shareholders, the Minister for Public Expenditure and Reform, who is also our Regulator, and An Post, was much appreciated.

2014 will be a year of transition as the operations and staff of the National Lottery transfer to the new operator, Premier Lotteries Ireland.

For our players and agents, 2014 will be business as usual as we continue to develop and grow Ireland's National Lottery raising further funds for good causes.

I am confident that we will deliver on both these parallel strands of activity in the coming year.

Oibríochtaí

Bhí fócas leanúnach ar rialú costas ina chúis le laghdú 6.5% ar na costais iomlána oibríochta go dtí €96.6 milliún in 2013 - laghdú ó €103.4 milliún sa bhliain roimhe sin.

Ba dheas liom buíochas a ghabháil le foireann bainistíochta agus le fostaithe an Chrannchuir Náisiúnta as a ngairmiúlacht agus a dtiomantas d'fheidhmiú rathúil na heagraíochta agus, go ró-speisialta, as a gcúnamh le linn phróiseas an cheadúnais le linn na bliana.

Mar chathaoirleach, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhchomhaltaí den bhord as a dtacaíocht is a gcomhairle luachmhar le linn bliana a bhí cinniúnach don eagraíocht.

Ba mhór agam freisin an tacaíocht leanúnach a fuarthas ónár scairshealbhóirí, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, atá mar Rialtóir againn chomh maith, agus An Post.

Bliain trasdula a bheidh i 2014 mar a aistreofar oibríochtaí agus foireann an Chrannchuir Náisiúnta go dtí an t oibreoir nua, Premier Lotteries Ireland.

Leanfaidh an gnó mar is gnách d'ár n imreoirí is dár ngníomhairí i 2014 mar a dhéanfaimid Crannchur Náisiúnta na hÉireann a fhás chun cistí breise a thuilleamh do dhea-chúiseanna.

Táim muiníneach go n éireoidh linn an dá shraith chomhthreomhar gníomhaíochta seo a sheachadadh le na linn na bliana atá romhainn amach.



Donal Connell
Chairman / Cathaoirleach
25 March, 2014 / 25 Márta, 2014

Pupils from 1st and 2nd class at Scoil Cholmcille in Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, took part in An Fhéile Scoildrámaíochta, the Connacht Final of the all Irish speaking drama competition for schools, in Seanscoil Sailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Ghlac daltaí ó Rang 1 agus ó Rang 2 i Scoil Cholmcille, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, páirt san Fhéile Scoildrámaíochta, Craobh Chonnacht de chomórtas drámaíochta lán Ghaeilge do scoileanna i Seanscoil Sailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

An Cumann Scoil Drámaíochta

The Féile is an annual event and 40 schools from every part of the county attend yearly. The Galway Féile is the largest in the country, outside of the National Féile.

The work of Cumann Scoil Drámaíochta has been assisted by National Lottery funding through the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht.

An Cumann Scoil Drámaíochta

Imeacht bhliantúil í an Fhéile agus glacann 40 scoil ó gach cearn den chontae páirt inti gach bliain. Tá Féile na Gaillimhe ar an gceann is mó sa tír taobh amuigh den Fhéile Náisiúnta.

Fuair obair an Chumann Scoildrámaíochta cúnamh ó mhaoiniú an Chrannchuir Náisiúnta tríd an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Review of Operations

In 2013, we generated €205.9 million in funds for good causes, despite the continued difficult retail environment and the impact of short jackpot roll sequences on our main games, Lotto and EuroMillions. The company also dedicated significant resources to assist the Department of Public Expenditure and Reform in running the new licence competition, resulting in an upfront payment of €405 million, half of which will fund the new children's hospital.

Sales of Scratch Card games increased for the third year in a row and our online games channel continued to grow in 2013. Another highlight was the high profile and high value EuroMillions jackpot wins by players in Ireland, again making us one of the luckiest countries participating in this game.

Overall sales for 2013 were €685.2 million, which represents close to €200 for each adult in the country.

Players

Ireland's participation rate in National Lottery games is among the highest in the world, with 62% of all adults playing on a regular basis.

2013 was a good year for our players who were rewarded with prizes to the value of €382.7 million or 56% of sales.

Players in Ireland also won big EuroMillions jackpots. We had a winner of €94 million on a EuroMillions ticket bought in Beaumont, Dublin 9 in June, followed by a further €12.8 million jackpot win by a young man from the South East on a ticket bought in Waterford in September.

Along with the big jackpot wins, there were 757 winners of prizes over €10,000 across all games in the course of the year.

Athbhreithniú Oibríochtaí

I 2013 thuilleamar luach €205.9 milliún do na cistí do dhea-chúiseanna in ainneoin na timpeallachta miondíola a bheith fós achrannach agus in ainneoin an éifeacht a bhí ag sraitheoga tar-rollta gairide ar ár bpríomh-chluichí, Lotto agus EuroMillions. Thairis sin, chuir an comhlacht acmhainní suntasacha i leataobh chun cabhrú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an comórtas a reáchtáil don cheadúnas nua ar a raibh íocaíocht d'airgead láithreach de €405 milliún i gceist. Maoineoidh leath de seo an t ospidéal nua do leanaí.

Bhí méadú ar dhíolachán scríobchártaí don tríú bliain as a chéile agus lean ár gcainéal cluichí ar líne de bheith ag fás i 2013. Buaicphointe eile ba ea na buanna pota óir ardluacha i EuroMillions ag imreoirí Éireannacha, rud a d'fhág arís go bhfuilimid ar cheann de na tíortha is mó áidh sa chluiche.

Bhí díolachán iomlán ann i 2013 de €685.2 milliún, arbh ionann é ar bhonn per capita agus €200 do gach duine fásta sa tír.

Imreoirí

Tá an ráta rannpháirtíochta i gcluichí an Chrannchuir Náisiúnta ar cheann de na rátaí is airde ar domhan le 62% de na daoine fásta uile ag imirt ar bhonn rialta.

Dea-bhliain d'ár n imreoirí ba ea 2013 a cúitíodh le duaiseanna dar luach €382.7 milliún nó 56% den díolachán.

Bhain imreoirí in Éirinn potaí óir móra i EuroMillions chomh maith. Bhí buaiteoir a bhuaigh €94 milliún ar thicéad EuroMillions a ceannaíodh i mBeaumont, Baile Átha Cliath 9, againn mí an Mheithimh, agus ina dhiaidh sin bhí bua eile de phota óir dar luach €12.8 milliún ag fear óg ón oirdheisceart a cheannaigh ticéad i bPort Láirge mí Mheán Fómhair.

Anuas ar na buanna móra pota óir bhí 757 buaiteoir ann a bhain duaiseanna de bhreis is €10,000 sna cluichí uile le linn na bliana.

Twenty eight year old Donegal man John Gallagher was on top of the world when he matched five numbers in the EuroMillions draw in November 2013 and won €41,096.

Bhí John Gallagher, fear ocht mbliana is fiche d'aois ó Dhún na nGall, ar bharr an tsaoil nuair a mheaitseáil se cúig uimhir i gcrannchur EuroMillions mí na Samhna 2013 is mar a bhuaigh sé €41,096.

Lotto

Lotto games represent by far the largest category in the National Lottery business. Lotto sales as a percentage of overall sales, account for a significant 33%. When the other Lotto related games – Lotto Plus and Lotto 5-4-3-2-1 – are included this figure for the Lotto family of games becomes 45% of overall sales. This compares to 46% in 2012.

During 2013, Lotto sales were €229.5 million, down 9% compared to €252.3 million in 2012. Overall the level of jackpots was lower than the previous year, with the highest jackpot of the year at €10.6 million, compared to €11.5 million in 2012.

In 2013, the average Lotto jackpot value was just over €4 million, 4.8% below the average value in the previous year. There were two jackpot wins over €10 million during the year. Lotto players shared a total of €119.3 million in prizes and 17 new millionaires were created.

In late January, a Lotto jackpot of €10,613,747 was won by a family syndicate from Tipperary. The winning ticket was sold in Scanlon's Newsagents, Thurles, Co. Tipperary.

Lotto

Bhí na cluichí Lotto níos mó go mór ná aon chatagóir eile cluichí i ngnó an Chrannchuir Náisiúnta. Is ionann díolachán Lotto agus 33% suntasach den díolachán uile. Nuair a áirítear anseo na cluichí eile a bhaineann le Lotto - Lotto Plus agus Lotto 5-4-3-2-1 – fásann an figiúr do raon iomlán na gcluichí Lotto go dtí 45% den díolachán uile, i gcomparáid le 46% i 2012.

Le linn 2013, bhí díolachán €229.5 milliún ar Lotto, laghdú 9% i gcomparáid le figiúr de €252.3 milliún i 2012. Tríd is tríd, bhí leibhéal na bpotaí óir níos ísle ná mar a bhí an bhliain roimhe. Bhí €10.6 milliún ar an bpota óir ba mhó i mbliana i gcomparáid le €11.5 milliún i 2012.

I 2013, bhí meán luach an phota óir Lotto díreach os cionn €4 milliún, 4.8% faoi bhun an mheán luach an bhliain roimhe. Bhí dhá bhua pota óir de bhreis is €10 milliún le linn na bliana. Roinneadh duaiseanna dar luach €119.3 milliún ar imreoirí Lotto agus cruthaíodh 17 milliúnaí nua.

Déanach i mí Eanáir bhuaigh sindeacáit clainne ó Thiobraid Árann pota óir dar luach €10,613,747. Díoladh ticéad an bhua i Siopa Nuachta Scanlon, Durlas, Co. Thiobraid Árann.

For the 25 May draw, the Lotto jackpot was topped up by €2.9 million to a guaranteed €10 million. The following draw, the jackpot rolled to €10,651,567 and there was great excitement when it was won by Carol Loran and Kevin Geoghegan from Westmeath. The ticket was bought in Tesco Ireland, Ash Road, Mullingar, Co. Westmeath.

To add excitement to the Lotto and Lotto Plus games, we ran several special promotions throughout the year. In February, five lucky Match 5 + Bonus winners also won €100,000 worth of diamonds each. An extra €1 million was added to Lotto jackpots in May and December. There were also six special prize promotions during the year whereby Lotto and Lotto Plus winners also won an extra prize of free tickets for other National Lottery games.

Lotto Plus

The performance of the Lotto Plus game closely reflects that of Lotto with 90% of Lotto players also playing Lotto Plus. Lotto Plus sales were €67.9 million in 2013, which was 8.7% below the 2012 performance.

Lotto Plus players shared €32.4 million in prizes, with 30 top prize winners. 18 of these won €350,000 each on Lotto Plus 1 and 12 won €250,000 each on the Lotto Plus 2 game. A further 201 players won Match 5 + Bonus prizes on the Lotto Plus games.

Lotto 5-4-3-2-1

Our lucky numbers game, Lotto 5-4-3-2-1, remained a favourite with those players looking for higher odds of winning amounts from €4 to €100,000. Sales of €13 million were generated in 2013, marginally down from €13.1 million in 2012.

Cuireadh €2.9 milliún leis an bpota óir Lotto don chrannchur ar 25 Bealtaine chun go mbeadh figiúr de €10 milliún ann faoi mar a bhí geallta. Rollaigh an pota óir go dtí €10,651,567 don chead chrannchur eile agus bhí an-chibeal ann nuair a bhuaigh Carol Loran agus Kevin Geoghegan ón Iarmhí é. Ba i Tesco Ireland, Bóthar na Fuinseoige, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí, a ceannaíodh ticéad an bhua.

Chun cur leis an gcarabuaic a bhaineann le cluichí Lotto agus Lotto Plus reáchtálamar go leor promóisean le linn na bliana. Mí Feabhra, bhuaigh cúigear buaiteoir ádhúla Match 5 + Bonus luach €100,000 de dhiamaint an duine. Cuireadh €1 milliún breise le potaí óir Lotto mí Bealtaine agus mí na Nollag. Bhí sé phromóisean de dhuais speisialta ann le linn na bliana mar a bhain buaiteoirí Lotto agus Lotto Plus duais bhreise de thicéid saor-in-aisce do chluichí eile an Chrannchuir Náisiúnta.

Lotto Plus

Ba chosúil go maith feidhmíocht chluiche Lotto Plus le feidhmíocht Lotto agus 90% d'imreoirí Lotto ag imirt Lotto Plus chomh maith. B'ionann díolachán Lotto Plus i 2013 agus €67.9 milliún, figiúr a bhí 8.7% faoi bhun fheidhmíocht 2012.

Roinneadh €32.4 milliún mar dhuaiseanna ar imreoirí Lotto Plus agus bhí 30 buaiteoir barr-dhuaise ann. Bhain 18 díobh seo €350,000 an duine ar Lotto Plus 1 agus bhain dáréag €250,000 an duine ar chluiche Lotto Plus 2. Bhuaigh 201 imreoir eile duaiseanna Match 5 + Bonus i Lotto Plus.

Lotto 5-4-3-2-1

Bhí an-tóir ar ár gcluiche le huimhreacha ádhúla, Lotto 5-4-3-2-1, i measc na n-imreoirí úd a raibh corrlaigh níos airde de shuimeanna buachana uathu ó €4 go €100,000. Gineadh díolachán de €13 milliún i 2013, laghdú imeallach ó €13.1 milliún i 2012.

Lotto Plus players shared €32.4 million in prizes.

Roinneadh luach €32.4 milliún de dhuaiseanna ar imreoirí Lotto Plus.

€32.4 million

Lotto 5-4-3-2-1 players won a total of €8.7 million in prizes, with a high prize payout of 67%.

During 2013, for the first time ever we ran a 'Lucky 13' promotion on Lotto 5-4-3-2-1. Whenever a Lotto draw date fell on the 13th of the month, if the number 13 was drawn in Lotto or Lotto Plus draws, all prizes in Lotto 5-4-3-2-1 and Lotto 5-4-3-2-1 Plus were doubled. There were four such promotions during the year in March, April, July and November. To end 2013 on a high, the number 13 promotion also ran on five nights in December.

EuroMillions

The 2013 EuroMillions performance followed an exceptionally good jackpot roll sequence in 2012, including a new record €190 million jackpot in August of that year. In contrast, 2013 delivered a higher than expected number of jackpot wins which impacted negatively on sales across EuroMillions countries.

EuroMillions sales were €117.8 million, a 10.4% reduction on 2012 when sales were boosted by a strong run of 17 jackpots over €100 million compared to only eight jackpots over €100 million in 2013.

The average jackpot amount for the year was €42.9 million, 23.1% lower than the corresponding amount of €55.8 million in 2012.

In 2013, the combined sales of EuroMillions and EuroMillions Plus for the year decreased to €158.6 million from €176.1 million in the previous year.

EuroMillions players in Ireland did very well in 2013 with an average of 89,169 players winning cash prizes each week. 11 of these won the March 5 + 1 Lucky Star prize, missing the jackpot by just one number.

In June, an Irish player shared a EuroMillions jackpot of €188 million, the biggest of the year, with a Belgian player, each taking home €93,968,807. The winning Irish ticket was bought in Mace, Shantalla Road, Beaumont, Dublin 9 causing tremendous excitement for the agent, customers and players.

Then in September, there was a further magnificent win in Waterford when a young man from the south east won his share of a €25.6 million EuroMillions jackpot, taking home €12,801,494 from a ticket bought at Ardkeen Superstores, Dunmore Road, Waterford City.

Bhain imreoirí Lotto 5-4-3-2-1 iomlán de €8.7 milliún de dhuaiseanna, le ráta ard íocaíochta amach de 67%.

Le linn 2013, don chéad uair riamh ritheamar promóisean 'Lucky 13' ar Lotto 5-4-3-2-1. Uair ar bith a thit dáta crannchuir ar an 13ú lá den mhí, má tarraingíodh uimhir 13 i gcrannchuir Lotto 5-4-3-2-1 nó Lotto 5-4-3-2-1 Plus, dúblaíodh na duaiseanna uile. Bhí ceithre promóisean den chineál sin ann le linn na bliana i Márta, in Aibreán, in Iúil agus i mí na Samhna. Chun 2013 a chríochnú ar bhuaicphointe, ritheadh an promóisean le huimhir 13 ar chúig oíche le linn mí na Nollag.

EuroMillions

Lean feidhmíocht EuroMillions i 2013 ar thar-rolladh phota óir eisceachtúil i 2012, ar a n-áirítear pota óir le curfhigiúr nua de €190 milliún mí Lúnasa na bliana sin. I gcodarsnacht leis seo bhí líon níos airde de bhuanna an phota óir i 2013 ná mar a rabhthas ag súil leis, rud a raibh éifeacht dhiúltach aige ar dhíolachán sna tíortha uile EuroMillions.

Bhí díolachán de €117.8 milliún ar EuroMillions, laghdú de 10.4% ar 2012 nuair a chuir rith láidir de 17 pota óir de bhreis is €100 milliún leis an díolachán i gcomparáid le hocht bpota óir de bhreis is €100 milliún i 2013.

Bé €42.9 milliún meán-luach an phota óir i 2013, 23.1% níos ísle ná an luach chéanna de €55.8 milliún i 2012.

I 2013, thit díolachán comhiomlán EuroMillions agus EuroMillions Plus don bhliain go €158.6 milliún ó €176.1 milliún an bhliain roimhe sin.

D'éirigh go maith le himreoirí EuroMillions in Éirinn i 2013, nuair a bhuaigh meán-fhigiúr de 89,169 duaiseanna airgid gach seachtain. Bhuaigh 11 díobh seo duais Match 5 + 1 Lucky Star agus gan an pota óir á chailliúint acu ach le huimhir amháin.

Mí an Mheithimh, roinn imreoir Éireannach pota óir EuroMillions de €188 milliún, an ceann ba mhó le linn na bliana, le himreoir Beilgeach. €93,968,807 an duine a rugadar abhaile leo. Ceannaíodh ticéad Éireannach an bhua i siopa Mace, Bóthar Sheantalaimh, Beaumont, Baile Átha Cliath 9, rud ba chúis le han-chorraíl don ghníomhaire, do na custaiméirí agus do na himreoirí.

Ansin mí Mheán Fómhair, bhí bua den scoth eile ann i bPort Láirge nuair a bhuaigh fear óg ón oirdheisceart a sciar de phota óir EuroMillions de €25.6 milliún. Rug sé abhaile leis €12,801,494 ón ticéad a cheannaigh sé in Ardkeen Superstores, Bóthar an Dúin Mhóir, Cathair Phort Láirge.

Kilbeggan Shamrocks GAA Club in Westmeath is a thriving hub of activity, particularly since the addition of an AstroTurf pitch with floodlights. This pitch was assisted by National Lottery funding, through the Department of Transport, Tourism and Sport.

Mol ceart gníomhaíochta é Club CLG – Seamróga Chill Bheagáin go háirithe ó cuireadh páirc AstroTurf maille le tuilsoilse leis. Fuarthas tacaíocht don pháirc seo ó mhaoiniú an Chrannchuir Náisiúnta tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Kilbeggan Shamrocks GAA Club

The Kilbeggan Shamrocks Club is over 100 years old and has over 150 members. The new AstroTurf pitch has been used for TRX training, Youthreach activities and events for senior members. It is also used for junior and senior play when Kilbeggan's main pitch is not available. Games can now continue at night because of the addition of floodlights. Plans are also underway for a 5-week camp for junior club members across the summer months.

Club CLG – Seamróga Chill Bheagáin

Tá Club CLG – Seamróga Chill Bheagáin breis is 100 bliain d'aois agus tá os cionn 150 ball ann. Tá úsáid bainte as an bpáirc AstroTurf d'oiliúint TRX, d'imeachtaí Youthreach agus d'imeachtaí do bhaill aosacha. Úsáidtear í freisin d'imirt shóisearach agus shinsearach nuair nach mbíonn fáil ar phríomh-pháirc Chill Bheagáin. Is féidir anois leanúint leis na cluichí istoíche i ngeall ar na tuilsoilse a bheith curtha isteach. Tá pleananna á gceapadh anois do champa 5-seachtaine do bhaill shóisearach an chlub thar míonna an tsamhraidh.

These two EuroMillions jackpot wins further demonstrated how lucky players in Ireland are when it comes to winning big EuroMillions jackpots. In 2013 alone, our players won over €165 million in prizes, and raised millions of euros for Irish good causes.

There were three special EuroMillions draws in 2013, where the jackpot was guaranteed at a minimum of €100 million. These were held in March, June and November.

EuroMillions Plus

Given its close association with the performance of the EuroMillions game, sales of EuroMillions Plus were also down, from €44.6 million in 2012 to €40.7 million in 2013. 77% of EuroMillions players also played the Plus game, compared to 76% in 2012.

During the year EuroMillions Plus players shared €22.1 million in prizes, with 26 top prize winners of €500,000, including two winners playing online.

Scratch Card Games

Sales of Scratch Cards, including online Instant Win Games, continued the successful trend of recent years, with a further 2.5% increase in sales from €163.5 million in 2012 to €167.7 million in 2013. Since 2010, sales of these games have grown by €14.6 million and in 2013, reached the second highest level ever.

The growth in Scratch Card games was facilitated by increased player participation, up from 17% in 2012 to 19% in 2013. During the year, 24 creative Scratch Card games were launched including Mr Bean, ChipMunx Cash and Elvis. Prices ranged from €1 to €10, whilst the value of instant cash prizes to be won ranged from €2 to €200,000.

The All Cash group of games was the most popular Scratch Card game category in 2013, including the new €10 All Cash Spectacular game. All Cash Gold was the most popular individual game with sales of €38.4 million while the biggest seller in terms of unit sales was All Cash €1 which sold 23.9 million tickets.

The prize fund on Scratch Card games was €111.1 million in 2013, up 3.6% from €107.2 million in the previous year. Players enjoyed a 66% payout on Scratch Card games with prizes such as hampers, chocolates, shopping vouchers and Easter Eggs along with an incredible €100 million in instant cash wins.

Léirigh an dá bhua phota óir EuroMillions seo arís an t-ádh a bhíonn le himreoirí in Éirinn nuair is gnóthú photaí móra óir EuroMillions a bhíonn i gceist. I 2013 amháin, bhuaigh ár n-imreoirí breis is luach €165 milliún de dhuaiseanna agus ghnóthaigh siad na milliúin euro do dhea-chúiseanna Éireannacha.

Bhí trí chrannchur speisialta EuroMillions ann i 2013, nuair a bhí pota óir ráthaithe le híosmhéid de €100 milliún ann. Reáchtáladh iadsan mí an Mhárta, mí an Mheithimh agus mí na Samhna.

EuroMillions Plus

Nuair a chuirtear san áireamh an gaol gairid atá aige le cluiche EuroMillions, bhí titim fosta ar dhíolachán EuroMillions Plus ó €44.6 milliún i 2012 go dtí €40.7 milliún i 2013. D'imir 77% d'imreoirí EuroMillions an cluiche Plus chomh maith i gcomparáid le 76% i 2012.

Roinneadh luach €22.1 milliún de dhuaiseanna ar imreoirí EuroMillions Plus le linn na bliana ar a n-áirítear 26 buaiteoir barr-dhuaise de €500,000, agus beirt díobh seo tar éis an cluiche a imirt thar an idirlíon.

Cluichí Scríobchártaí

Lean an díolachán ar chluichí Scríobchártaí, ar a n-áirítear Cluichí Tob-Bhua ar líne, dá chlaonadh rathúil le blianta beaga anuas nuair a bhain siad amach ardú eile de 2.5% ar dhíolachán ó €163.5 milliún i 2012 go dtí €167.7 milliún i 2013. Ó 2010, tháinig fás €14.6 milliún ar dhíolachán na gcluichí seo agus i 2013, shroicheadar an dara leibhéal a b'airde riamh.

Chabhraigh rannpháirtíocht méadaithe na n-imreoirí leis an bhfás ar na cluichí Scríobchártaí le méadú ó 17% i 2012 go dtí 19% i 2013. Le linn na bliana, seoladh 24 cluiche cruthaitheach Scríobchártaí ar a n- áirítear Mr Bean, ChipMunx Cash agus Elvis. Bhí raon praghsanna orthu ó €1 go €10, agus bhí raon de thob-duaiseanna airgid ar fáil ó €2 go dtí €200,000.

Bé fine cluichí All Cash na cluichí Scríobchártaí ba mhó éilimh i 2013, an cluiche nua €10 All Cash Spectacular san áireamh. Bé All Cash Gold an cluiche aonair ba mhó éilimh agus díolachán de €38.4 milliún air agus bé All Cash €1 a b'fhearr a raibh ceannach air i dtéarmaí díolacháin aonad agus díoladh 23.9 milliún ticéad.

Bhí duais-chiste de €111.1 milliún ann do na cluichí Scríobchártaí i 2013, méadú 3.6% ó €107.2 milliún an bhliain roimhe sin. Bhain na himreoirí tairbhe as 66% de ráta íoctha amach ar na cluichí Scríobchartaí agus bhí ciseacha, seacláidí, dearbháin siopadóireachta agus Uibheacha Cásca ar fáil le hais figiúr dochreidte de €100 milliún de thob-duaiseanna airgid.

TV Game Shows

The National Lottery's TV Game Shows – Winning Streak and Big Money Game – remained popular with players, with viewership figures regularly in RTÉ's top 10 watched programmes for 2013. Between them, these games generated sales of €42.1 million.

During the year, 299 players won just over €10 million in prizes on Winning Streak and €2.8 million on Big Money Game. Along with cash prizes, 60 holidays and 39 cars were won on TV Game Shows in 2013. In September, 39 lucky Big Money players and their guests travelled to New York on the trip of a lifetime in the company of Game Show host Brian Ormond. As well as the trip a payment of €2,500 spending money made this a fantastic experience for players.

Jerry Rooney from Coolaney, Co. Sligo was the biggest winner of the year on Winning Streak, winning €304,200 in March. Big Money Game had its biggest winner of the season in June when €143,000 was won by David Whelan from Dungarvan, Co. Waterford.

Millionaire Raffle

We have been running the successful limited edition Millionaire Raffle Game over several years now and in 2013 concentrated on the most popular festive occasions, Easter and Christmas.

These two raffles generated sales of €9.4 million between them, with the Christmas Raffle selling out early.

The 180,000 limited edition Easter Millionaire tickets were popular as gifts for Valentine's Day, Mother's Day and Easter itself, while a further 300,000 Millionaire Raffle tickets were bought in the run-up to Christmas and the New Year.

2,814 Millionaire Raffle players shared €4.8 million in prizes, including the two top millionaire winners. The €1 million Easter Raffle winner was a man from Co. Westmeath who bought his ticket in Centra, Navan, Co. Meath.

On New Year's Eve, another Westmeath man was the lucky winner of the top €1 million Christmas Raffle prize when his ticket was drawn live on RTÉ One as part of New Year's Eve Live – The Ultimate Gathering, broadcast from College Green in Dublin. The lucky ticket was purchased in Tesco, Mullingar, Co. Westmeath.

There were also two winners of the €250,000 prize and six winners of €100,000 across the two Millionaire Raffle draws during 2013.

Seóchluichí Teilifíse

Bhí an-tóir i measc imreoirí ar Sheóchluichí Teilifíse an Chrannchuir Náisiúnta - Winning Streak agus Big Money Game – agus lucht féachana go rialta acu a d'fhág iad i measc an 10 gclár ba mhó lucht féachana ar RTÉ i 2013. Eatarthu ghin na cluichí díolachán de €42.1 milliún.

Le linn na bliana, bhuaigh 299 imreoir díreach os cionn luach €10 milliún de dhuaiseanna ar Winning Streak agus €2.8 milliún ar Big Money Game. Anuas ar na duaiseanna airgid, buadh 60 saoire agus 39 gluaisteán ar na Seóchluichí teilifíse i 2013. Mí Mheán Fómhair thaisteal 39 buaiteoir ádhúil d'imreoirí Big Money, maille lena n-aíonna, go dtí Nua-Eabhrach ar thuras na haonuaire, agus láithreoir an tseóchluiche, Brian Ormond, ina gcuideachta. Anuas ar an turas féin, d'fhág íocaíocht de €2,500 mar airgead póca gur eachtra dhodhearmadta a bhí ann do na himreoirí.

Bé Jerry Rooney ó Chúil Áine, Co. Shligigh, an buaiteoir ba mhó ar Winning Streak le linn na bliana, nuair a bhain sé €304,200 mí an Mhárta. Ba i mí an Mheithimh a bhí an buaiteoir ba mhó le linn an tséasúir ag Big Money Game nuair a bhain David Whelan ó Úllord de Faoite, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge, €143,000.

Millionaire Raffle

Táimid le tamall maith de bhlianta anois ag reáchtáil cluiche an eagráin teoranta den Millionaire Raffle rathúil agus i 2013 dhíríomar ar na hócáidí féiltiúla is mó éilimh, an Cháisc is an Nollaig.

Ghin an dá chrannchur seo díolachán de €9.4 milliún idir eatarthu agus díoladh amach Crannchur na Nollag go luath.

Bhí an-tóir ar an 180,000 ticéad d'eagrán teoranta na Cásca mar fhéiríní do Lá San Vailintín, do Lá na Máthar agus don Cháisc fhéin, agus ceannaíodh 300,000 ticéad do Millionaire Raffle sna laethanta roimh an Nollaig is an Athbhliain.

Roinneadh luach €4.8 milliún de dhuaiseanna ar 2,814 imreoir Millionaire Raffle, ar a n áirítear beirt bhuaiteoir a bhain milliún an duine. Fear ó Cho. na hIarmhí, a cheannaigh a thicéad i siopa Centra, An Uaimh, Co. na Mí, a bhuaigh an duais de €1 milliún um Cháisc.

Ansin ar Oíche na Seanbhliana, bhí fear eile ón Iarmhí ina bhuaiteoir ádhúil de bharr- dhuais €1 milliún i gCrannchur na Nollag nuair a tarraingíodh a thicéad beo ar RTÉ a hAon mar chuid den chlár New Year's Eve Live – The Ultimate Gathering, a craoladh ó Fhaiche an Choláiste i mBaile Átha Cliath. Ceannaíodh ticéad an áidh i siopa Tesco, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí.

De bhreis air sin bhí beirt bhuaiteoir den duais de €250,000 agus seisear buaiteoir den duais de €100,000 thar an dá chrannchur Millionaire Raffle le linn 2013.

TellyBingo

Sales of the popular TellyBingo game were €17.1 million, compared to €17.3 million in 2012.

Players benefited from increased prizes to a total of €13.3 million including a number of special promotions throughout the year. There were 26 Snowball winners, the largest of which was a Co. Cavan based player who won €90,000 in May on a ticket bought in Costcutter, Lisduff, Kells, Co. Meath.

Eight TellyBingo promotions ran throughout the year including additions of a €50,000 cash bonus to the Snowball prize in May and special car prizes for Snowball winners in February and December. There were also seasonal promotions for Valentine's Day and Halloween, whilst lucky number 13 promotions ran on 13 June, 13 September and 13 December. All prizes except the Snowball, were doubled if the number 13 was drawn.

Daily Million

Sales of Daily Million and Daily Million Plus amounted to €21.9 million in 2013. On average, 82% of Daily Million players also played the Daily Million Plus game where players can win prizes up to €500,000 for as little as 50 cents.

Players of these games shared winnings of €12.2 million representing a 55% prize payout level.

There were three new Daily Million millionaires created during 2013. The winning tickets were sold by Aherne's Newsagency, Thurles, Co. Tipperary, Garvey's SuperValu, Listowel, Co. Kerry and Eurospar, Newpark Shopping Centre, Kilkenny.

In addition, six players won the top €500,000 prize on Daily Million Plus from tickets bought in Ballina, Co. Mayo; Ballinasloe, Co. Galway; Galway City; Crumlin, Dublin; Waterford City and Moate, Co. Westmeath.

Play Online

Online play was the fastest growing area of our business in 2013 notwithstanding the cumbersome registration and advertising constraints. Throughout the year, our player base grew by a further 17,000 players to 57,000 registered online players at the year end, a 42.5% increase on 2012.

Sales were up 30% to €11.3 million, with €10 million of this amount accounted for by draw games and the remaining €1.3 million by Instant Win Game sales. 16 new Instant Win Games were launched during the year, bringing the total number of games in the online portfolio to 49.

TellyBingo

Bhí díolachán de €17.1 milliún ar an gcluiche mór-éilimh, TellyBingo, i gcomparáid le €17.3 milliún i 2012.

Bhain na himreoirí buntáiste le linn na bliana as duais-chiste méadaithe le hiomlán de €13.3 milliún, ar a n-áirítear roinnt promóisean speisialta. Bhí 26 buaiteoir Snowball ann. Imreoir atá lonnaithe i gCo. an Chabháin a bhain an duais ba mhó de €90,000 mí na Bealtaine le ticéad a ceannaíodh i siopa Costcutter, an Lios Dubh, Ceanannas, Co. na Mí.

Reáchtáladh ocht bpromóisean TellyBingo le linn na bliana ar a n-áirítear bónas de €50,000 de dhuais airgid a cuireadh leis an duais Snowball mí na Bealtaine agus duaiseanna speisialta de charranna do bhuaiteoirí Snowball mí Feabhra agus mí na Nollag. Bhí promóisin shéasúracha ann do Lá San Vailintín agus d'Oíche Shamhna agus reáchtáladh promóisin d'uimhir ádhúil 13 ar 13 Meitheamh, 13 Meán Fómhair agus 13 Nollaig. Dúblaíodh na duaiseanna uile, cé is moite den Snowball, má tarraingíodh uimhir 13.

Daily Million

Bhí díolachán de €21.9 milliún ar Daily Million agus ar Daily Million Plus i 2013. Mar mheán, imríonn 82% d'imreoirí Daily Million cluiche Daily Million Plus freisin mar ar féidir le himreoirí duaiseanna suas le €500,000 a bhuachan ar shuim chomh beag le 50 cent.

Roinneadh duaiseanna dar luach €12.2 milliún ar imreoirí na gcluichí seo, arbh ionann é agus ráta íoctha amach duaise de 55%.

Cruthaíodh triúr milliúnaí nua Daily Million le linn 2013. Díoladh ticéid an bhua i Siopa Nuachta Aherne, Durlas, Co. Thiobraid Arann, siopa Supervalu Uí Ghairbhith, Lios Tuathail, Co. Chiarraí agus siopa i Eurospar, Ionad Siopadóireachta na Páirce Nua, Cill Chainnigh.

De bhreis air sin, bhuaigh seisear buaiteoir an bharr-dhuais de €500,000 ar Daily Million Plus le ticéid a ceannaíodh i mBéal an Átha, Co. Mhaigh Eo; Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe; Cathair na Gaillimhe; Cromghlinn, Baile Átha Cliath; Cathair Phort Láirge agus An Móta, Co. na hIarmhí.

Imir Ar Líne

Bhí imirt ar líne ar an raon ba thapúla fáis dár ngnó i 2013 in ainneoin na srianta ciotrúnta cláraithe agus fógraíochta. Le linn na bliana, d'fhás ár mbunachar imreoirí le 17,000 imreoir breise go dtí 57,000 imreoir cláraithe ar líne faoi dheireadh na bliana – méadú 42.5% ar fhigiúr 2012.

Bhí ardú 30% ar dhíolachán go dtí €11.3 milliún. Cluichí crannchuir ba bhun le €10 milliún den tsuim seo agus ba dhíolachán ar chluichí thob-bhuachana ba chionsiocair leis an €1.3 milliún eile. Seoladh 16 Cluiche nua Tob-Bhuachana le linn na bliana, rud a fhágann go bhfuil iomlán de 49 cluiche inár bpunann ar líne anois.

There were scenes of jubilation at National Lottery offices as colleagues from the medical device manufacturing company VistaMed, based in Rooskey, Co. Leitrim, won a €2 million Lotto jackpot in October 2013.

Bhí ollghairdeas le sonrú in oifigí an Chrannchuir Náisiúnta nuair a bhuaigh comhghleacaithe ó chuideachta Vistamed, a dhéanann feistí leighis, agus atá bunaithe i Rúscaigh, Co. Liatroma, €2 milliún de phota óir Lotto mí Dheireadh Fómhair 2013.

The biggest online winners of the year were two EuroMillions Plus top prizes of €500,000 each. These were won by players from the Midlands in May and Dublin in November. We also had a number of Lotto Match 5+Bonus winners of €25,000 and four Daily Million game winners of €10,000 each. The biggest online winner to date was a family in Cork who won €5,513,556 in February 2010.

Operations

The scale of the National Lottery is brought home by the statistics around its operations. In 2013, over 226 million individual transactions were processed and our staff managed a total of 1,671 draws up from 1,496 in 2012, with 32 draws now taking place every week.

Total operating expenses for the year were €96.6 million, down 6.5% from €103.4 million in the previous year. The largest of these expenses was agents' commission which at €42.1 million represented 6% of total sales.

B'iad na himreoirí ar líne ba mhó duaise le linn na bliana ná beirt bhuaiteoir barr-dhuaise EuroMillions Plus a bhain €500,000 an duine. Imreoir ó Lár Tíre a bhain an duais mí na Bealtaine agus imreoir ó Bhaile Átha Cliath a bhain ceann mí na Samhna. Bhí roinnt buaiteoir Lotto Match 5+Bonus a bhain €25,000 an duine agus ceathrar buaiteoir Daily Million a bhuaigh €10,000 an duine freisin. Bé an buaiteoir ar líne ba mhó go nuige seo ná grúpa clainne ó Chorcaigh a bhuaigh €5,513,556 mí Feabhra 2010.

Oibríochtaí

Is féidir scála an Chrannchuir Náisiúnta a mheas ach na staitisticí a bhaineann lena chuid oibríochtaí a bhreithniú. I 2013 bhí os cionn 226 milliún idirbheart ar leith próisithe agus stiúir ár bhfoireann iomlán de 1,671 crannchur – méadú ó 1,496 i 2012 – agus bhí 32 crannchur ann gach seachtain.

Bhí iomlán €96.6 milliún de chostais oibríochta ann sa bhliain, laghdú 6.5% ó €103.4 milliún an bhliain roimhe. Bé coimisiún na ngníomhairí an ceann ba mhó díobh seo agus, ar costas €42.1 milliún, b'ionann é agus 6% den díolachán ar fad.

Reflecting an ongoing focus on cost control, administrative costs for 2013 were reduced to €18.5 million from €19.1 million in 2012 and equate to 2.7% of sales.

The number of retail agents during the year was 3,745 compared to 3,744 in 2012. Our investment in installing digital display screens in agents' premises continued in 2013, with a further 316 screens installed, bringing the total number of agents with this facility to 2,158. These large display screens are an effective means of communicating real-time jackpot details and other National Lottery game information directly to our players at the point of purchase.

We also continued to invest in developing our website and the annual number of visits was again over 20 million in 2013. The trend towards mobile access via mobile phone and tablets to our website continued upwards during the year from 25% in 2012 to 41% in 2013.

Our Facebook community continued to grow ahead of target, reaching 120,000 fans by the end of December 2013. Our ranking also improved during the year as the National Lottery page moved to 30th of all Irish Facebook pages for brands by year end, up from 38th in the previous year. We were delighted that a special Peggy's Pad competition designed to promote the €100 million EuroMillions jackpot won 'Best Social Media Campaign' at the 2013 Bord Gáis Energy Social Media Awards.

The successful launch of Daily Million also won a number of high profile marketing awards during the year including 'Best Integrated Campaign' at the An Post Direct Marketing Awards and 'Finalist for the Integrated Marketing Award' at the All Ireland Marketing Awards. In addition, Daily Million won the 'Best Outdoor Campaign' at the Checkout Awards and 'Best Press Ad' at the National Newspapers of Ireland Awards, whilst the Lotto proposal ad as part of the 'What's The First Thing You Would Do' campaign won a Silver Award at the Love Radio Awards.

Mar thoradh ar an mbéim leanúnach ar chostais a shrianadh, laghdaíodh na costais riaracháin i 2013 go dtí €18.5 milliún ó €19.1 milliún i 2012. B'ionann iad agus 2.7% den díolachán.

Bé líon iomlán na ngníomhairí miondíola le linn na bliana ná 3,745 i gcomparáid le 3,744 i 2012. Leanamar d'ár n infheistiú trí scáileáin taispeána digiteacha a chur isteach in áitribh ár ngníomhairí i 2013. Suiteáladh 316 scáileán breise, rud a fhágann líon iomlán na ngníomhairí leis an áis seo anois ag 2,158. Bealach éifeachtach iad na scáileáin seo chun faisnéis fhíor-ama faoi photaí óir agus eolas eile faoi chluichí an Chrannchuir Náisiúnta a chur i láthair ár n-imreoirí ag an ionad ceannaigh.

Leanamar fosta de bheith ag infheistiú i bhforbairt ár suíomh gréasáin agus arís eile bhí 20 milliún amas air le linn na bliana. Leanadh den chlaonadh i dtreo rochtain mhóibíleach ár suímh gréasáin trí theileafóin mhóibíleacha agus trí tháibléid le linn na bliana le hardú ó 25% i 2012 go dtí 41% i 2013.

Lean ár gcomhluadar Facebook de bheith ag fás ag ráta a sháraigh ár sprioc agus sroicheadh líon 120,000 de lucht leanúna faoi dheireadh mhí na Nollag 2013. Bhí feabhas chomh maith ar ár rangú le linn na bliana nuair a d'ardaigh leathanach an Chrannchuir Náisiúnta go dtí an 30ú háit ón 38ú háit do leathanaigh Facebook Éireannacha do bhrandaí. Bhí ríméad orainn gur bhuaigh comórtas speisialta Peggy's Pad, a ceapadh chun pota óir EuroMillions de €100 milliún a chur chun cinn, duais don Fheachtas is Fearr ar na Meáin Shóisialta ag Bronnadh Fhuinneamh Bhord Gáis do na Meáin Shóisialta i 2013.

Bhuaigh seoladh rathúil Daily Million roinnt duaiseanna iomráiteacha margaíochta le linn na bliana ar a n áirítear an 'Feachtas is Fearr Comhtháite' ag Bronnadh Duaiseanna Margaíochta Dírí An Phoist agus 'Iomaitheoir Ceannais don Duais Margaíochta Dírí' ag Craobh na hÉireann do Dhuaiseanna Margaíochta. Anuas air sin, bhuaigh Daily Million an 'Feachtas is Fearr Faoin Aer' ag Bronnadh Duaiseanna Seiceála Amach agus an 'Fógra Preas is Fearr' ag Bronnadh Duaiseanna Nuachtáin Náisiúnta na hÉireann. Bhuaigh an fógra tairgthe Lotto mar cuid den fheachtas 'Cad é an Chéad Rud a Dhéanfá-sa' Duais Airgid ag Bronnadh Duaise Gráimis Raidió.

Daily Million, including the Daily Million Plus game, achieved sales of €21.9 million in its first full year.

Bhí díolachán de €21.9 milliún ar Daily Million (Daily Million Plus san áireamh) ina chéad bhliain.

€21.9 million

Corporate Responsibility

Implementation of our Responsible Gaming policy remains the cornerstone of the National Lottery's approach to Corporate Responsibility.

Promoting responsible gaming is a core value of the National Lottery. To protect vulnerable groups and prevent underage play, we adhere to the policies and guidelines enshrined in the European Lotteries and World Lottery Association's Responsible Gaming Standards. Our primary aim is to establish, maintain and improve our responsible gaming programmes, based on prevention and education, thus minimising any possible risk to society.

Our commitment to the highest standards of responsible gaming continues to be recognised at European and international level. Following a successful continuous assessment audit in May 2013, we continue to be aligned with European Lotteries Responsible Gaming Standards and World Lottery Association Responsible Gaming Framework.

Further information on the National Lottery's responsible gaming initiatives is available in our Responsible Gaming report on our website.

Good Causes

The National Lottery's mission is to operate a world class lottery raising funds for good causes on behalf of the Government and we are proud to have delivered on this objective again in 2013, raising a further €205.9 million for good causes.

Since the National Lottery was launched, €4.4 billion has been raised with over 30% of all National Lottery sales funding good causes around the country.

These funds have made a significant difference to communities, projects and individuals in the areas of Youth, Sports, Recreation, Amenities, Health, Welfare, Arts, Culture, National Heritage and the Irish Language. During 2013, we continued to highlight the level and positive impact of funds raised by featuring beneficiary projects on TV Game Shows, in The Spark – our good causes newsletter - and on the National Lottery website.

We're delighted that the signing of the new licence will provide an additional €405 million for the Government with around half of this money going towards the much needed National Children's Hospital and the remainder to other job-rich projects including the Wild Atlantic Way, the 1916 Commemoration and the National Sports Campus.

Freagracht Chorparáideach

Leanann ár bPolasaí faoi Chluichíocht Fhreagrach de bheith mar chloch bhunaidh ag cur chuige an Chrannchuir Náisiúnta i leith Fhreagracht Chorparáideach.

Bun-luach é ag an gCrannchur Náisiúnta cluichíocht fhreagrach a chur chun cinn. Chun grúpaí soghonta a chosaint agus chun imirt faoi bhun aoise a chosc cloífimid go dlúth leis na polasaithe agus leis na treoirlínte atá cuimsithe sa European Lotteries and World Lottery Association's Responsible Gaming Standards. Tá sé mar chéad aidhm againn cláir fhreagracha cluichíochta a bhunú, a choinneáil agus a fheabhsú agus iad bunaithe ar chosc is ar oideachas, agus ar an tslí sin aon bhaol don sochaí a íoslaghdú.

Leantar de bheith ag aithint ár dtiomantas do na caighdeáin is airde cluichíochta freagraí ar leibhéal Eorpach is ar leibhéal idirnáisiúnta. I ndiaidh iniúchadh meastóireachta, inar éirigh linn, mí Bealtaine 2013, leanaimid de bheith ag teacht le na European Lotteries Responsible Gaming Standards agus leis an World Lottery Association Responsible Gaming Framework.

Tá eolas breise faoi thionscnaimh an Chrannchuir Náisiúnta um chluichíocht fhreagrach le fáil inár dtuairisc ar Chluichíocht Fhreagrach ar ár suíomh gréasáin.

Dea-Chúiseanna

Is é misean an Chrannchuir Náisiúnta ná crannchur de chaighdeán domhanda a reáchtáil agus cistí a ghnóthú do dhea-chúiseanna thar ceann an Rialtais agus is ábhar bróid dúinn go ndearnamar é sin athuair i 2013 nuair a ghnóthaíomar €205.9 milliún breise eile le dáileadh.

Ó seoladh an Crannchur Náisiúnta bailíodh ós cionn €4.4 billiún agus d'imigh os cionn 30% den díolachán ar mhaoiniú dhea-chúiseanna ar fud na tíre.

Rinne na cistí seo an-difríocht do phobail, do thionscadail agus do dhaoine aonair i réimsí dála Óige, Spóirt, Fóillíocht, Áiseanna, Sláinte, Leas Sóisialta, na hEalaíona, Cultúr, an Oidhreacht Náisiúnta agus an Ghaeilge. Le linn 2013, d'fhéachamar le leibhéal agus le héifeacht dhearfach na gcistí seo a aibhsiú trí mhíreanna ar thionscadail thairbhíocha a léiriú ar ár Seóchluichí Teilifíse agus i The Spark – ár nuachtlitir do dhea-chúiseanna – agus ar shuíomh gréasáin an Chrannchuir Náisiúnta.

Is ábhar ríméid dúinn go gcuirfidh síniú an cheadúnais nua €405 milliún breise ar fáil don Rialtas. Rachaidh thart ar leath an airgid seo ar an Ospidéal Náisiúnta do Leanaí, a bhfuil géarghá leis, agus caithfear an chuid eile ar thionscadail le mórán jabanna dála Slí an Atlantaigh Fhiáin, Comóradh 1916 agus an Campas Náisiúnta Spóirt.

Lucky couple Carol Loran and Kevin Geoghegan from Mullingar, Co. Westmeath scooped a massive €10,651,567 Lotto jackpot in May 2013. They bought their winning €4 Quick Pick ticket in Tesco, Mullingar, Co. Westmeath.

Bhailigh lánúin ádhúil, Carol Loran agus Kevin Geoghegan, ón Muileann gCearr, Co. na hIarmhí, slam airgid de €10,651,567 sa phota óir Lotto mí na Bealtaine 2013. Cheannaigh siad an ticéad Quick Pick ar €4, a bhuaigh, i siopa Tesco, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí.

The Future

We have a number of priorities for 2014.

Internet and mobile play will be an important area for the future development of the National Lottery and will have a strong focus in 2014. Under the terms of the new National Lottery Act, the registration process for online play has been modified and we are now in a position to market this channel directly to players. This will enable us to provide choice for our players in the channel they wish to play our games.

We will also continue to seek the input of our players as we develop and evolve our portfolio of National Lottery games.

Similarly we will work with our EuroMillions partners to develop international games, including ongoing consideration of the appropriate timing and format for a new international game and exciting promotions.

All our new game developments will be implemented in a socially responsible manner with the objective of ensuring games are entertaining and exciting for our players, thus optimising funds generated for good causes.

Alongside our business development initiatives, we will be supporting Premier Lotteries Ireland, the new National Lottery operating company, in transitioning seamlessly to new state of the art technology over the course of 2014. This technology, along with the existing plans of Premier Lotteries Ireland, will ensure the National Lottery will continue to grow and develop, providing substantial funds for good causes over the next 20 years for the benefit of Ireland's future generations.

A bhfuil Romhainn amach

Tá roinnt tosaíochtaí againn do 2014.

Beidh ról tábhachtach ag imirt Idirlín agus mhóibíleach i bhforbairt an Chrannchuir Náisiúnta amach anseo agus díreofar go géar orthu i 2014. Faoi réir théarmaí an Achta nua um Chrannchur Náisiúnta, tá leasú déanta ar an bpróiseas d'imirt ar líne agus táimid anois sa riocht go dtig linn an cainéal seo a thairiscint go díreach do na himreoirí. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas rogha a chur ar fáil do na himreoirí ar an gcainéal ar ar mian leo ár gcluichí a imirt.

Leanfaimid freisin de bheith ag lorg a n ionchur ónár n-imreoirí de réir mar a dhéanfaimid ár bpunann de chluichí Crannchuir Náisiúnta a fhorbairt is a éabhlóidiú.

Ar an dóigh chéanna, oibreoimid lenár bpáirtithe ar EuroMillions chun cluichí idirnáisiúnta a fhorbairt maille le breithniúchán leanúnach ar thráthúlacht is ar fhormáid chluiche nua idirnáisiúnta agus promóisin chorraitheacha.

Cuirfear aon fhorbairt ar ár gcluichí nua i bhfeidhm go freagrach go sóisialta agus í mar aidhm againn go mbeidh na cluichí siamsúil agus floscthach d'ár n-imreoirí agus, ar an dóigh din, ag baint barr feabhais as na cistí a thuillfear do dhea-chúiseanna.

Taobh lenár dtosaíochtaí forbartha gnó, beimid ag tacú le Premier Lotteries Ireland, an chuideachta nua oibríochta don Chrannchur Náisiúnta, chun trasdul gan uaim a dhéanamh chuig teicneolaíocht úrscothach le linn 2014. Cinnteoidh an teicneolaíocht seo, anuas ar phleananna reatha Premier Lotteries Ireland, go leanfaidh an Crannchur Náisiúnta de bheith ag fás is ag forbairt, agus maoiniú leordhóthaineach á sholáthar aige do dhea-chúiseanna thar an fiche bliain atá romhainn amach chun leasa na nglún atá le teacht.

Dermot Griffin
Chief Executive / Príomhfheidhmeannach
25 March, 2014 / 25 Márta, 2014

James Kingston from Dunmanway, Co. Cork, has benefited from the support of Autism Assistance Dogs Ireland (AADI) a national charity providing highly trained dogs for children with autism and their families.

Bhain James Kingston í Dhún Mánmhaí, Co. Chorcaí, tairbhe as tacaíocht ó Autism Assistance Dogs Ireland (AADI), cumann carthanachta náisiúnta a sholáthraíonn madraí sár-oilte do pháistí a bhfuil uathachas orthu agus dá muintir.

Autism Assistance Dogs

AADI dogs have been specially trained to provide safety, independence and companionship for children with autism. Currently, 12 assistance dogs from AADI are in place with families with an additional 13 dogs placed as companion dogs, helping to alleviate the isolation felt by many.

The work of AADI has been assisted by funds from the National Lottery, through the Department of Health.

Madraí Cúnta Uathachais

Tá oiliúint ar leith curtha ar mhadraí AADI chun sábháilteacht, neamhspleáchas agus comhluadar a chur ar fáil do pháistí le huathachas. Faoi láthair, tá 12 madra, a sholáthraíonn cúnamh, curtha ar fáil ag an AADI do theaghlaigh agus tá 13 madra eile curtha ar fáil mar mhadraí comhluadair – rud a mhaolaíonn na braistintí scoiteachta a mhothaíonn go leor daoine.

Faigheann obair an AADI cúnamh ó chistí an Chrannchuir Náisiúnta tríd an Roinn Sláinte.

Board of Directors
An Bord Stiúrtha

Left to Right | Clé go Deas:
Oliver Wilkinson
Dermot Griffin
Caroline Murphy
Jack Dempsey
Donal Connell
Peter Quinn
Micheál Ó Muircheartaigh

Oliver Wilkinson,
Director | Stiúrthóir
Appointed 6 November, 2013; fourth term
Ceaptha 6 Samhain, 2013; ceathrú téarma

Mr. Wilkinson is a farmer in Co. Waterford and chairman of Cappoquin Community Development Company Limited. He has had a long career in local and national politics and was a member of Waterford County Council for 17 years until 2002. He was mayor of Waterford County Council in 2001/2002 and a member of Dáil Éireann from 2002 until 2007.

Feirmeoir i gCo. Phort Láirge é Oliver Wilkinson agus tá sé ina Chathaoirleach ar an Cappoquin Community Development Company Limited. Tá saolré fada caite aige sa pholaitíocht ar leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil. Bhí se ina bhall de Chomhairle Chontae Phort Láirge ar feadh 17 mbliana go dtí 2002. Bhí sé ina mhéara ar Chomhairle Contae Phort Láirge i 2001/2002 agus ba theachta é i nDáil Éireann ó 2002 go 2007.

Dermot Griffin,
B.Comm., F.C.C.A.
Director | Stiúrthóir
Appointed 30 June, 2013; fifth term
Ceaptha 30 Meitheamh, 2013; cúigiú téarma

Mr. Griffin joined An Post National Lottery Company in June 2005 as Chief Operating Officer and he was appointed as Chief Executive in June 2006. He joined the Company from Vodafone Ireland where he was Commercial Director, having previously held the positions of Business Development Director and Finance Director in that company. He commenced his career with KPMG, Chartered Accountants. He is a non-executive director of Services Aux Loteries En Europe which manages the EuroMillions game. He is also a Director of the E-services and Communications Credit Union Limited.

Chuaigh Dermot Griffin isteach i gComhlacht Chrannchur an Phoist mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin mí an Mheithimh 2005 agus ceapadh é ina Phríomhfheidhmeannach mí an Mheithimh 2006. Tháinig sé isteach sa Chomhlacht ó Vodafone Ireland, áit a raibh sé ina Stiúrthóir Tráchtála tar éis dó bheith ina Stiúrthóir Forbartha Gnó agus ina Stiúrthóir Airgeadais roimhe sin ag an gcuideachta úd. Thosaigh sé a shaolré oibre le KPMG, Cuntasóirí Cairte. Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin

é ar Services Aux Loteries En Europe a bhainistíonn an cluiche EuroMillions. Thairis sin, is Stiúrthóir é i gComhar Creidmheasa na R-Sheirbhísí agus Cumarsáide.

Caroline Murphy,
BA, HDip Psych, MA Psych
Director | Stiúrthóir
Appointed 6 November, 2013; second term
Ceaptha 6 Samhain, 2013; dara téarma

Ms. Murphy is an organisational psychologist who specialises in Media and Communication Consultancy and Training and Web TV production. She is also a well-known broadcaster and can be heard presenting 'It Says in the Papers' on RTÉ's Morning Ireland. She has worked previously for RTÉ both as a producer and as a presenter of programmes on television and radio. She is a board member of the Family Support Agency and of the National Sports Campus Development Authority.

Síceolaí eagraíochta í Caroline Murphy a dhéanann sainchúram d'Obair Chomhairleachta is Oiliúna sna Meáin agus i gCumarsáid agus freisin i léiriúchán Teilifíse Gréasáin. Craoltóir aithnidiúil í chomh maith agus bíonn sí le cloisteáil ar 'It Says in the Papers' ar chlár Morning Ireland ar RTÉ. Roimhe seo d'oibrigh sí do RTÉ mar léiritheoir agus mar láithreoir chlár ar an teilifís agus ar an raidió. Comhalta í de bhord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh is d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt.

Jack Dempsey,
B.Comm., M.B.A., M.P.A.
Company Secretary | Rúnaí Cuideachta
Appointed 21 March, 2011; first term
Ceaptha 21 Marta, 2011; an chéad téarma

Mr. Dempsey joined the Post Office in 1968 as an Executive Officer in the Department of Posts and Telegraphs. During his career, he has gained wide experience in all aspects of postal operations and commercial activities, both national and international, occupying a variety of senior management positions across An Post. He was appointed as Company Secretary in March 2011.

Chuaigh Jack Dempsey chun oibre le hOifig an Phoist i 1968 mar Oifigeach Feidhmiúcháin sa Roinn Poist agus Teileagraf. Le linn a shaol oibre fuair sé taithí an-leathan ar gach gné d'oibríochtaí poist agus tráchtála, go náisiúnta is go hidirnáisiúnta, agus é ceaptha i raon de phoist shinsearacha bainistíochta in An Post. Ceapadh é ina Rúnaí Cuideachta mí an Mhárta 2011.

Donal Connell,
C.Eng., F.I.E.I., B.E.
Chairman | Cathaoirleach
Appointed 30 June, 2013; fourth term
Ceaptha 30 Meitheamh, 2013; ceathrú téarma

Mr. Connell is Chief Executive of An Post, having been appointed to that position in August 2006. He began his career in the Department of Post and Telegraphs and has held senior management positions in Unitrode Ireland, 3Com Ireland and Maxtor Ireland where he was General Manager prior to joining An Post. He is an executive director of An Post and a non-executive director of Xilinx Corporation's European Board.

Is é Donal Connell Príomhfheidhmeannach an Phoist. Ceapadh é sa phost sin mí Lúnasa 2006. Thosaigh sé a shaolré oibre sa Roinn Poist agus Teileagraf agus bhí poist bhainistíochta shinsearacha aige in Unitrode Ireland, 3Com Ireland agus Maxtor Ireland, áit a raibh sé ina Bhainisteoir Ginearálta sula ndeachaigh sé isteach in An Post. Stiúrthóir feidhmiúcháin é ar An Post agus is stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin é ar Bhord Eorpach Xilinx Corporation.

Peter Quinn,
B.Comm., F.C.A., M.B.A.
Director | Stiúrthóir
Appointed 16 February, 2012; second term
Ceaptha 16 Feabhra, 2012; dara téarma

Mr. Quinn is Chief Financial Officer of An Post, having been appointed to that position in August 2004. Prior to this, he held senior financial and strategic positions in PJ Carroll and Company plc and Monaghan Mushrooms Limited. He is a Chartered Accountant and trained in practice with KPMG.

Príomhoifigeach Airgeadais an Phoist é an tUas. Quinn agus tá sé sa phost sin ó mhí Lúnasa 2004 i leith. Roimhe sin, bhí poist shinsearacha airgeadais agus straitéiseacha aige le PJ Carroll agus a Chuideachta cpt agus le Monaghan Mushrooms Limited. Cuntasóir Cairte é agus oileadh é i KPMG.

Micheál Ó Muircheartaigh,
N.T., B.A., B.Comm., H.D.E., D.P.A.
Director | Stiúrthóir
Appointed 30 June, 2013; eighth term
Ceaptha 30 Meitheamh, 2013; ochtú téarma

Mr. Ó Muircheartaigh is a sports journalist and was a sports commentator with RTÉ from 1949 until he retired in 2010. He is a founder member of Gaelscoil Oilibhéir serving the Blanchardstown / Clonsilla / Castleknock area of Dublin and acted as Chairman of that school board for three terms. He has served as President of Gaelscoileanna, the national organisation for Irish-medium schools and he was a member of Bord Na Gaeilge for nine years and Chairman for seven. He also served as Chairman of the Board of Guaranteed Irish for nine years.

Iriseoir spóirt é Micheál Ó Muircheartaigh agus ba thráchtaire spóirt é le RTÉ ó 1949 i leith go dtí gur éirigh sé as i 2010. Duine de bhunaitheoirí Ghaelscoil Oilibhéir é, scoil a fhreastalaíonn ar cheantar Bhaile Bhlainséir / Chluain Saileach / Chaisleán Cnucha i mBaile Átha Cliath, agus chaith sé trí théarma mar Chathaoirleach ar bhord na scoile. Bhí sé ina Uachtarán ar Ghaelscoileanna, an eagraíocht náisiúnta do scoileanna lán-Ghaeilge. Ba chomhalta é de chuid Bhord na Gaeilge ar feadh naoi mbliana agus é ina Chathaoirleach air ar feadh seacht mbliana. Ba Chathaoirleach é chomh maith ar Bhord Guaranteed Irish ar feadh naoi mbliana.

Management Team
An Bhainistíocht

Left to Right | Clé go Deas:
Declan Harrington
Nigel Scully
Dermot Griffin
Eddie Banville
Peter Plunkett
Harry Cooke

Declan Harrington
F.C.A.
Head of Finance
Ceann Airgeadais

Nigel Scully
B.B.S., M.B.S.
Head of Sales
Ceannasaí Díolacháin

Dermot Griffin
B.Comm., F.C.C.A.
Chief Executive
Príomhfheidhmeannach

Eddie Banville
M.Sc., MGrad, FMII
Head of Marketing
Ceann Margaíochta

Peter Plunkett
B.Sc., M. Ind. Eng.
Head of IT
Ceann ar TF

Harry Cooke
M.Sc.(Mgmt.), Dip. Applied Fin.
Head of Operations
and Corporate Affairs
Ceann ar Oibríochtaí agus
Gnóthaí Corparáideacha

Company Solicitor
Aturnae Comhlachta
Hugh O'Reilly

Auditor
Iniúchóir
KPMG
Chartered Accountants

Bankers
Baincéirí
Bank of Ireland

Solicitors
Aturnaetha
Matheson

Registered Office
General Post Office,
O'Connell Street, Dublin 1

Oifig Chláraithe
Ardoifig an Phoist,
Sráid Uí Chonaill,
Baile Átha Cliath 1

Index to the Financial Statements
Innéacs do na Ráitis Airgeadais

Report of the Directors	Tuarascáil na Stiúrthóirí	32
Statement of Directors' Responsibilities	Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	43
Report of the Independent Auditor	Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách	45
Accounting Policies	Polasaithe Cuntasaíochta	48
Profit and Loss Account	Cuntas Brabúis agus Caillteanais	51
Balance Sheet	Clár Comhardaithe	52
Cash Flow Statement	Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	53
Notes to the Financial Statements	Nótaí ar na Ráitis Airgeadais	54

Report of the Directors

The Directors have pleasure in submitting their twenty seventh annual report, together with the audited financial statements of the Company, for the year ended 31 December 2013, in fulfilment of their obligations under the Companies Acts, 1963 to 2013.

1. The Company

The Company carries on the business of operating the National Lottery under Licence from the Minister for Public Expenditure and Reform in accordance with the provisions of the National Lottery Act, 1986.

80% of the issued share capital is held by An Post and 20% is held by the Minister for Public Expenditure and Reform.

2. Results for the Year

The results for the year are set out on page 51.

3. Business Review

The information required by Section 13 of the Companies (Amendment) Act, 1986, on the development of the business and important events, is included in the Chairman's Statement and Review of Operations on pages 6 to 27.

As described therein, the Company had a substantial surplus of €206m in 2013 (2012: €225m) to the benefit of the Beneficiary Fund. This resulted from sales of €685m in 2013 (2012: €735m).

In monitoring the Company's performance, the Directors and management have regard to a range of key performance indicators (KPIs).

KPI	2013	2012
Prizes as a percentage of sales	**55.9%**	55.3%
Operating costs as a percentage of sales	**14.1%**	14.1%
Surplus earned as a percentage of sales	**30.1%**	30.6%
Spend per capita	**€149**	€160
Number of retail outlets	**3,745**	3,744

The above KPIs are within the terms of the Licence to operate the National Lottery.

The key risks facing the Company include the Company's significant reliance upon its IT infrastructure and retailer operations, the impact of general economic factors on the Company and the transition to the new licence operator. The Directors have developed a range of strategies to address these and other risks faced by the Company. The Corporate Governance Statement on pages 33 to 42 sets

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a seachtú tuarascáil bhliantúil is fiche a chur i láthair, maille le ráitis airgeadais iniúchta an Chomhlachta, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 agus, dá réir, a gcuid dualgas faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 á gcomhlíonadh acu.

1. An Comhlacht

Ritheann an Comhlacht a ghnó chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil le Ceadúnas ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi réir fhorálacha an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

Tá 80% den scairchaipiteal eisithe i lámha An Phoist agus tá 20% ag an Aire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe

2. Torthaí na Bliana

Tá torthaí na bliana leagtha amach ar leathanach 51.

3. Athbhreithniú Gnó

Tá an t-eolas a éilítear faoi réir Alt 13 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986, ar fhorbairt an ghnó agus ar imeachtaí tábhachtacha, clúdaithe i Ráiteas an Chathaoirligh agus san Athbhreithniú Oibríochtaí ar leathanaigh 6 go 27.

Mar atá ráite ansin, bhí barrachas substaintiúil de €206m i 2013 (2012: €225m) agus cuireadh é chun leasa Chiste na dTairbhithe. D'eascair an toradh seo as díolachán de €685m i 2013 (2012: €735m).

Agus monatóireacht á dhéanamh acu ar fheidhmiú an chomhlachta, tógann na Stiúrthóirí agus an bhainistíocht aird ar raon d'eochairtháscairí feidhmiúcháin (ETFanna).

EFT	2013	2012
Duaiseanna mar chéatadán den díolachán	**55.9%**	55.3%
Costais oibríochta mar chéatadán den díolachán	**14.1%**	14.1%
Barrachas tuillte mar chéatadán den díolachán	**30.1%**	30.6%
Caiteachas per capita	**€149**	€160
Líon na n-asraon miondíola	**3,745**	3,744

Tá na EFTanna thuasluaite taobh istigh de théarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil.

Ar na heochair-rioscaí a gcaithfidh an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu tá chomh mór is atá an Comhlacht i dtuilleamaí a infreastruchtúr TF agus a oibríochtaí miondíola, éifeacht tosca eacnamaíochta ginearálta ar an gComhlacht agus an trasdul chuig oibreoir nua ceadúnais. Tá raon straitéisí forbartha ag na Stiúrthóirí chun plé leo seo agus le rioscaí eile a gcaithfidh an Comhlacht aghaidh a thabhairt orthu. Tá polasaithe agus cur chuige an

out the Company's policies and approach to risks and the related internal control procedures and responsibilities.

4. Directors, Secretary and their interests

The Directors of the Company are appointed by the Minister for Public Expenditure and Reform for a fixed term, usually three years, and their conditions of appointment and fees are set out in writing.

The terms of office of Donal Connell, Dermot Griffin, Micheál Ó Muircheartaigh and Peter Quinn expired on 30 June, 2013 and they were re-appointed from that date. The terms of office of Oliver Wilkinson and Caroline Murphy expired on 5 November, 2013 and they were re-appointed from that date.

The Directors and Secretary who held office at 31 December, 2013 had no interest in the shares in, or debentures of, the Company or any Group Company.

5. Employees

The Company and An Post, which provides seconded staff to the Company, are equal opportunities employers. All applications for employment are given full and fair consideration, due regard being given to the aptitude and ability of the individual and the requirements of the position concerned.

All persons are treated on equal terms as regards training, career development and promotion.

The well-being of staff working in the Company is safeguarded through the strict adherence to health and safety standards. The Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005 imposes certain requirements in respect of staff and the Company has taken the necessary action to ensure compliance with the Act, including the adoption of a Safety Statement.

6. Corporate Governance

Maintaining high standards of corporate governance continues to be a priority of the Directors of An Post National Lottery Company. The Board has developed its corporate governance policy so as to give effect to the Code of Practice for the Governance of State Bodies issued by the Department of Finance and to apply the principles of good governance as appropriate to such an enterprise.

The Directors are accountable to the shareholders for good corporate governance and this report addresses how the relevant main and supporting principles of the Code of Best Practice for the Governance of State Bodies have been applied within An Post National Lottery Company.

Chomhlachta maidir le rioscaí agus gnáthaimh inmheánacha rialaithe agus freagrachtaí gaolmhara leagtha amach sa Ráiteas ar Rialachas Corparáide ar leathanach 33 go 42.

4. Stiúrthóirí, Rúnaí agus a leas tairbhiúil

Is é an tAire Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe a cheapann Stiúrthóirí an Chomhlachta do thréimhse réamhshocraithe, trí bliana sa ghnáthshlí, agus leagtar amach a dtéarmaí ceapacháin agus a dtáillí i scríbhinn.

Tháinig deireadh le tréimhsí oifige Donal Connell, Dermot Griffin, Mhichíl Uí Mhuircheartaigh agus Peter Quinn ar 30 Meitheamh 2013 agus athcheapadh iad ón dáta sin. Tháinig tréimhse oifige Oliver Wilkinson agus Caroline Murphy chun críche ar 5 Samhain 2013 agus athcheapadh iad le feidhm ón dáta sin.

Ní raibh leas tairbhiúil i scaireanna ná bintiúir an Chomhlachta a bhain leis nó le haon Ghrúp Chuideachta ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí a bhí in oifig ar 31 Nollaig 2013.

5. Fostaithe

Fostóirí comhdheise iad an Comhlacht agus An Post, a sholáthraíonn foireann ar shealscarúint don Chomhlacht. Cuirtear gach iarratas ar fhostaíocht san áireamh go hiomlán agus go cothrom agus tugtar aird chuí ar mhianach agus ar chumas an duine agus ar riachtanais an phoist atá i gceist.

Caitear le gach duine ar bhonn cothrom chomh fada is a bhaineann sé le hoiliúint, le forbairt gairme agus le hardú céime.

Déantar cúram de dhea-bhail na foirne atá ag obair leis an gComhlacht trí chloí go docht le caighdeáin shábháilteachta agus sláinte. Leagann An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, dualgais áirithe i leith na foirne agus tá na céimeanna riachtanacha glactha ag an gComhlacht chun déanamh de réir an Achta. Áirítear orthusan glacadh le Ráiteas Sábháilteachta.

6. Rialachas Corparáide

Tosaíocht é ag Stiúrthóirí Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist ardchaighdeán rialachais chorparáide a choinneáil. D'fhorbair an Bord a pholasaí ar rialachas corparáide le go mbeadh feidhm ag an gCód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus chun feidhm a thabhairt do phrionsabail an dearialachais mar is cuí i ngnóthas mar seo.

Tá na Stiúrthóirí freagrach do na scairshealbhóirí as dearialachas corparáide agus pléann an tuarascáil seo leis an tslí inar cuireadh i bhfeidhm na príomhphrionsabail agus na prionsabail thacaíochta ábhartha atá le fáil sa Chód Sár-Chleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit i gcás Chomhlacht Chrannchur Náisiúnta an Phoist.

The Board

The Company is controlled through its Board of Directors. The Board's main roles are to oversee the operation of the Company, to provide leadership to the Company, to approve the Company's strategic objectives and to ensure that the necessary financial and other resources are made available to enable them to meet those objectives. The Board, which meets monthly during the year, has a schedule of matters reserved for its approval.

The specific responsibilities reserved to the Board include: setting Company strategy and approving an annual budget and medium-term projections; reviewing operational and financial performance; approving major capital expenditure; ensuring compliance with the terms of the licence to operate the National Lottery, reviewing the Company's systems of financial control and risk management; ensuring that appropriate management development and succession plans are in place; reviewing the environmental, health and safety performance of the Company; approving the appointment of the Company Secretary; and ensuring that a satisfactory dialogue takes place with shareholders.

The Board has delegated the following responsibilities to management: the development and recommendation of strategic plans for consideration by the Board that reflect the longer-term objectives and priorities established by the Board; implementation of the strategies and policies of the Company as determined by the Board; monitoring of the operating and financial results against plans and budgets; development of controls over the operation of draws; prioritising the allocation of technical and human resources; and developing and implementing risk management systems.

The roles of the Chairman and Chief Executive

The Chairman leads the Board in the determination of its strategy and in the achievement of its objectives. The Chairman is responsible for organising the business of the Board, ensuring its effectiveness and setting its agenda. The Chairman facilitates the effective contribution of non-executive Directors and constructive relations between the executive Director and non-executive Directors, ensures that Directors receive accurate, timely and clear information and manages effective communication with shareholders.

The Chief Executive has direct charge of the Company on a day-to-day basis and is accountable to the Board for the financial and operational performance of the Company.

An Bord

Rialaítear an Comhlacht trína Bhord Stiúrtha. Is iad príomhróil an Bhoird maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí an Chomhlachta, cinnireacht a sholáthar don Chomhlacht, cuspóirí straitéiseacha an Chomhlachta a fhaomhadh agus deimhin a dhéanamh de go gcuirtear ar fáil na hacmhainní riachtanacha airgeadais agus eile chun gur féidir leo na cuspóirí sin a bhaint amach. Uair sa mhí a thagann an Bord le chéile le linn na bliana. Tá sceideal ábhar atá forchoimeádta le faomhadh ag an mBord.

I measc na sainfhreagrachtaí atá forchoimeádta don Bhord tá: straitéis an Chomhlachta a cheapadh agus an buiséad bliantúil agus na réamh-mheastacháin mheántéarmacha a fhaomhadh; feidhmiú oibríoch agus airgeadais a athbhreithniú; mórchaiteachas caipitil a fhaomhadh; deimhin a dhéanamh de go bhfuil téarmaí an cheadúnais chun an Crannchur Náisiúnta a reáchtáil á gcomhlíonadh; córais an Chomhlachta um rialú airgeadais agus bainistiú riosca a athbhreithniú; deimhin a dhéanamh de go bhfuil pleananna cuí i bhfeidhm chun forbairt agus comharbaíocht na bainistíochta a chinntiú; feidhmiú an Chomhlachta ó thaobh na timpeallachta agus cúrsaí sláinte is sábháilteachta de a athbhreithniú; ceapadh Rúnaí an Chomhlachta a fhaomhadh; deimhin a dhéanamh de go mbíonn idirphlé sásúil ann leis na scairshealbhóirí.

Tá na freagrachtaí seo a leanas tarmligthe ag an mBord don bhainistíocht: pleananna straitéiseacha, a bheadh ag teacht le cuspóirí agus le tosaíochtaí fadtéarmacha an Bhoird, a cheapadh agus a mholadh don Bhord le scrúdú; straitéisí agus polasaithe an Chomhlachta, mar atá sonraithe ag an mBord, a fheidhmiú; faireachán a dhéanamh ar thorthaí oibríocha agus airgeadais i gcomparáid le pleananna agus le buiséid; córais rialaithe a fhorbairt do reáchtáil na gcrannchur, tosaíochtaí a cheapadh do chionroinnt acmhainní daonna is teicniúla; agus córais bainistíochta riosca a cheapadh is a chur i bhfeidhm.

Róil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Is é ***An Cathaoirleach*** a threoraíonn an Bord maidir le cinneadh straitéise agus le baint amach a chuid cuspóirí. Is é an Cathaoirleach atá freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, as a éifeacht a chinntiú agus as an clár gnó a shocrú. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach na Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin agus deachaidreamh idir iad agus an Stiúrthóir feidhmiúcháin agus cinntíonn sé go bhfaigheann na Stiúrthóirí eolas cruinn, tráthúil agus soiléir. Bainistíonn sé freisin cumarsáid éifeachtach leis na scairshealbhóirí.

Is ag an ***bPríomhfheidhmeannach*** atá údarás díreach ar an gComhlacht ó lá go chéile agus tá sé freagrach don Bhord as feidhmiú oibríoch agus airgeadais an Chomhlachta.

Directors and Directors' independence

The Board currently comprises the Chairman, four non-executive Directors and the Chief Executive. The names of the Directors together with their biographical details are set out on pages 28 and 29. The positions of Chairman and Chief Executive are held by different persons. The Board includes independent non-executive Directors who constructively challenge and help develop proposals on strategy, bring strong, independent judgement, knowledge, and experience to the Board's deliberations. These independent Directors are of sufficient calibre and number that their views carry significant weight in the Board's decision making.

The National Lottery Act, 1986, prescribes that the number of Directors of the Company shall be seven. The authority regarding selection, nomination and appointment of the Directors is directly vested with the Company's shareholders. As such, considerations such as Board composition, Board appointments and Board renewal rest with the Company's shareholders rather than with the Board.

The Chairman holds meetings with the non-executive Directors without the executive Director being present. The Board has formal procedures in place in this regard. Directors have the right to ensure that any concerns they have, which cannot be resolved, about the running of the Company or a proposed action, are recorded in the Board minutes. In addition, upon resignation, a non-executive Director will be asked to provide a written statement to the Chairman, for circulation to the Board, if they have any such concerns.

The Directors are given access to independent professional advice at the Company's expense, when the Directors deem it is necessary in order for them to carry out their responsibilities.

Professional development

On appointment, all new Directors take part in an induction programme when they receive information about the Company, the role of the Board and the matters reserved for its decision, the terms of reference and membership of the Board and its principal committees, the Company's corporate governance practices and procedures, including the responsibilities delegated to Company senior management, and the latest financial information about the Company. This will typically be supplemented by meetings with key senior executives. Throughout their period in office, the Directors are continually updated on the Company's business, the competitive and regulatory environments in which it operates, corporate social responsibility matters and other

Stiúrthóirí agus Neamhspleáchas na Stiúrthóirí

San am i láthair, is iad comhaltaí an Bhoird an Cathaoirleach, ceathrar Stiúrthóir neamh fheidhmiúcháin agus an Príomhfheidhmeannach. Tá ainmneacha na Stiúrthóirí mar aon lena sonraí beathaisnéise leagtha amach ar leathanach 28 agus 29. Daoine difriúla atá i bpost an Chathaoirligh agus i bpost an Phríomhfheidhmeannaigh. Áirítear ar an mBord Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin neamhspleácha a cheistíonn ar bhealach dearfach moltaí faoi chúrsaí straitéise agus a bheireann leo breithiúnas láidir, neamhspleách maille le heolas agus taithí agus gnóthaí an Bhoird faoi chaibidil. Tá na Stiúrthóirí neamhspleácha líonmhar a dhóthain agus de chaighdeán sách ard le go mbeadh tionchar nach beag ag a dtuairimí ar chinntí an Bhoird.

Leagtar amach faoi fhorálacha an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986, gurb é seachtar líon na Stiúrthóirí ar an gComhlacht. Tá an t údarás a bhaineann le roghnú, ainmniú agus ceapadh na Stiúrthóirí dílsithe i scairshealbhóirí an Chomhlachta. Baineann aon cheist, dála comhdhéanamh an Bhoird, ceapacháin ar an mBord nó athnuachan an Bhoird, le scairshealbhóirí an Chomhlachta seachas leis an mBord.

Bíonn cruinnithe ag an gCathaoirleach leis na Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin gan an Stiúrthóir feidhmiúcháin a bheith i láthair. Tá gnáthaimh fhoirmiúla chuige seo i bhfeidhm ag an mBord. Tá sé de cheart ag Stiúrthóirí deimhin a dhéanamh de go gcláraítear i miontuairiscí an Bhoird aon ábhar imní gan réiteach atá acu faoi reáchtáil an Chomhlachta nó faoi bheart atá molta. De bhreis air sin, iarrfar ar aon Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin a éiríonn as oifig, ráiteas i scríbhinn a thabhairt don Chathaoirleach, le cur thart ar an mBord, má tá aon ábhar imní aige.

Cuirtear comhairle neamhspleách phroifisiúnta ar fáil do na Stiúrthóirí ar chostas an Chomhlachta má shíleann na Stiúrthóirí go bhfuil gá lena leithéid le go bhfeadfaidís a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

Forbairt Phroifisiúnta

Arna gceapadh dóibh glacann na Stiúrthóirí nua go léir páirt i gcúrsa intreorach mar a bhfaigheann siad eolas i dtaobh an Chomhlachta, ar ról an Bhoird agus na nithe atá forchoimeádta dá chinneadh, ar théarmaí tagartha agus ar bhallraíocht an Bhoird agus phríomhchoistí an Bhoird, ar chleachtas is ar ghnáthaimh rialachais chorparáidigh an Chomhlachta, ina measc na freagrachtaí atá tarmligthe le bainisteoirí sinsearacha an Chomhlachta, maille leis an eolas airgeadais is déanaí faoin gComhlacht. De ghnáth, cuirtear leis seo trí chruinnithe le heochair fheidhmeannaigh sinsearacha. Le linn a dtréimhsí oifige coinnítear Stiúrthóirí suas chun dáta ar ghnóthaí an Chomhlachta, ar na tosca iomaíocha agus rialála faoin a bhfuil sé ag gníomhú, ar

changes affecting the Company and the lottery industry as a whole, by written briefings and meetings with senior executives. Directors are also advised on appointment of their legal and other duties and obligations as a Director, both in writing and in face-to-face meetings with the Company Secretary. They are also updated on changes to the legal and governance requirements of the Company and upon themselves as Directors.

Performance evaluation

All Directors are appointed to the Board by the Minister for Public Expenditure and Reform in accordance with Section 14 of the National Lottery Act, 1986 and their terms of office (generally three years) are set out in writing.

The Board has adopted and performed a formal process for the annual evaluation of the performance of the Board and its principal Committees. During the year, an evaluation of the performance of the Board was conducted.

The Company Secretary

The Company Secretary is a full time employee of the Company's parent company, An Post. The Company Secretary is responsible for advising the Board, through the Chairman, on all governance matters. All Directors have access to the advice and services of the Company Secretary. The Company's Articles of Association provide that the appointment and removal of the Company Secretary is a matter for the full Board.

Information

Regular reports and papers are circulated to the Directors in a timely manner in preparation for Board and Committee meetings. These papers are supplemented by information specifically requested by the Directors from time to time.

The non-executive Directors receive monthly management accounts and regular management reports and information which enables them to scrutinise the Company's and management's performance against agreed objectives.

Relations with shareholders

The Board and management maintain an ongoing dialogue with the Company's shareholders on strategic issues. In addition, under the National Lottery Act, 1986, certain operational matters require the approval of the Minister for Public Expenditure and Reform in respect of which ongoing contact with the Minister is maintained.

The Chairman gives feedback to the Board on issues raised with him by the shareholders. All Directors normally attend the Annual General Meeting and shareholders are invited to ask questions during the meeting and to meet with Directors after the formal proceedings have ended.

